Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Eanáir 2024**
**(OR. en)**

**5477/24**

**ECOFIN 52**
**UEM 15**
**SOC 25**
**EMPL 18**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 5024/24 |
| Ábhar: | Tuarascáil 2024 maidir leis an Sásra Foláirimh<br>– Conclúidí ón gComhairle (an 16 Eanáir 2024) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na conclúidí ón gComhairle i ndáil le Tuarascáil 2024 maidir leis an Sásra Foláirimh, a d'fhormheas an Chomhairle Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais ag an gcruinniú a bhí aici an 16 Eanáir 2024.

**TUARASCÁIL 2024 MAIDIR LEIS AN SÁSRA FOLÁIRIMH**

– Conclúidí ón gComhairle –

Déanann Comhairle an Aontais Eorpaigh an méid seo a leanas:

1. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS go bhfuil geilleagar an Aontais athléimneach i gcónaí in ainneoin an mhoillithe a tharla in 2023. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur laghdaigh na praghsanna arda fuinnimh agus an méadú ar an mboilsciú an chumhacht cheannaigh, agus gur imir na dálaí déine maoiniúcháin a tharla ina dhiaidh sin tionchar ar an muinín agus ar an éileamh, agus go bhfuil laghdú tagtha ar an trádáil dhomhanda. AITHNÍONN SÍ gur cheart go gcabhródh an titim a tharla le déanaí sa bhoilsciú, mar aon leis an ardú ar phá i bhformhór na mBallstát agus margadh saothair láidir, leanúnach, gur cheart go gcabhródh siad le tacú leis an gcumhacht cheannaigh, agus go dtiocfaidh méadú ar thomhaltas chun cinn dá bharr. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil an éiginnteacht fós ard, lena n-áirítear maidir leis an méid a leanas: teannas geopholaitiúil, méid agus luas normalú na rátaí boilscithe, éabhlóid na ndálaí maoiniúcháin, staid an éilimh dhomhanda, agus na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann i ndáil le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha.

2. CUIREANN SÍ I bhFIOS a thábhachtaí atá cur chun feidhme leanúnach an Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha chun míchothromaíochtaí a chuireann bac ar dhea-fheidhmiú gheilleagair na mBallstát agus ar dhea-fheidhmiú an Aontais Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta, nó ar gheilleagar an Aontais Eorpaigh ina iomláine, a bhrath, a chosc agus a cheartú go luath. IS DÍOL SÁSAIMH DI Tuarascáil 2024 maidir leis an Sásra Foláirimh, lena dtionscnaítear cur chun feidhme an tríú babhta bliantúil déag den Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha.

3. AONTAÍONN SÍ TRÍD IS TRÍD leis an measúnú ar an Tuarascáil maidir leis an Sásra Foláirimh i ndáil le forás míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha agus na rioscaí atá ag teacht chun cinn. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur tháinig laghdú suntasach ar chomhardú na gcuntas reatha i mbeagnach gach Ballstát in 2022; ba iad na praghsanna arda fuinnimh ba chúis leis go príomha agus tháinig méadú ina dhiaidh sin i bhformhór na mBallstát le linn 2023, mar thoradh ar chomharduithe na trádála atá i mbun téarnaimh, agus tá barrachas agus easnaimh mhóra fós ag cur as do roinnt Ballstát. Tháinig laghdú suntasach ar chuntas reatha an limistéir euro in 2022 freisin ach d'fhill sé ar bharrachas arís le linn 2023. AITHNÍONN SÍ gur tháinig cúngú ar na staideanna glana seachtracha móra stoic go ginearálta i mbeagnach gach Ballstát ach go raibh siad substaintiúil i gcónaí.

4. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhféadfadh na difreálaigh leanúnacha sa bhoilsciú i measc na mBallstát tionchar diúltach a imirt ar an iomaíochas; is beag dúshláin a bhí ann go nuige seo. ADMHAÍONN SÍ go bhfuil méadú suntasach tagtha ar chostais ainmniúla aonad saothair ar fud an Aontais, i gcomhthéacs rannpháirtíocht ard go stairiúil sa mhargadh saothair agus rátaí ísle dífhostaíochta, mar aon le boilsciú ard. AITHNÍONN SÍ gur mhaolaigh éifeachtaí praghsanna fuinnimh agus tráchtearraí sciartha den mhargadh onnmhairíochta agus go bhfuil rátaí malairte éifeachtúla ainmniúla ag luachmhéadú i bhformhór na mBallstáit, tar éis an dímheasa in 2022. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil fíor-luachmhéadú láidir ag tarlú i roinnt Ballstát, bunaithe ar bhoilsciú ar airde é ná an boilsciú i dtíortha comhpháirtíochta trádála.

5. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS go bhfuil na cóimheasa arda fiachais san earnáil phríobháideach agus san earnáil phoiblí ag laghdú i gcónaí i bhformhór na mBallstát. AITHNÍONN SÍ go bhfuil tionchar ag pacáistí tacaíochta paindéime agus bearta chun praghsanna fuinnimh níos airde a mhaolú ar chóimheasa fiachais phoiblí, atá fós níos airde ná mar a bhí roimh ghéarchéim COVID-19 i bhformhór na mBallstát. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil stoic fiachais mór i gcónaí agus go bhfuil siad os cionn na leibhéal a bhí ann roimh an bpaindéim i roinnt mhaith Ballstát, agus gur toisc riosca é sin. AITHNÍONN SÍ an t-ualach úis atá ag dul i méid agus na himpleachtaí a d’fhéadfadh dálaí déine maoiniúcháin a imirt ar fhiachas ard. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS go bhfuil coigilteas teaghlaigh fós os cionn an leibhéil a bhí ann roimh an bpaindéim den chuid is mó. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an maolú ar fhás praghsanna tithe, agus an laghdú ar phraghsanna in ainneoin é a bheith ard i roinnt Ballstát, agus d’fhéadfadh iarmhairtí a bheith ann in earnálacha eile. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil an earnáil baincéireachta caipitlithe go maith i gcónaí agus go bhfuil leachtacht leordhóthanach inti, agus go bhfuil leibhéal íseal cobhsaí iasachtaí neamhthuillmheacha inti.

6. IS DÍOL SÁSAIMH DI an anailís ardcháilíochta atá sa Tuarascáil maidir leis an Sásra Foláirimh. ADMHAÍONN SÍ an measúnú réamhbhreathnaitheach ar éabhlóid fhéideartha rioscaí, an tábhacht a bhaineann le táscairí stoic a anailísiú, agus infheictheacht mhéadaithe ghnéithe an Aontais agus an limistéir euro sa tuarascáil. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún grinn-athbhreithnithe a dhéanamh i gcás na 11 Bhallstát a raibh míchothromaíochtaí nó míchothromaíochtaí iomarcacha ag baint leo i mí na Bealtaine 2023, agus i gcás Ballstát amháin eile ina bhféadfadh míchothromaíochtaí teacht chun cinn. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go sainaithnítear sa tuarascáil 4 Bhallstát eile ar fiú aird a thabhairt orthu maidir le roinnt forbairtí, in ainneoin nach ndéantar difear dóibh ná nach baol go gcuirfidh na míchothromaíochtaí as dóibh.

7. IARRANN SÍ go ndéanfaí an Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha a chur chun feidhme go héifeachtúil agus a chomhtháthú ar bhealach níos fear sa chreat rialachais eacnamaíoch, atá á athbhreithniú faoi láthair. IS DÍOL SÁSAIMH DI an t-athbhreithniú rialta leanúnach ar an Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha. LEAGAN SÍ BÉIM AR an ngá go ndéanfar dlúthfhaireachán ar na míchothromaíochtaí atá ann faoi láthair agus a d'fhéadfadh teacht chun cinn, agus go mbeadh freagairt thráthúil beartais ann, lena n-áirítear na hathchóirithe ábhartha a chur chun feidhme mar a mholtar sna moltaí tírshonracha i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh, agus mar a áirítear sna pleananna téarnaimh agus athléimneachta.

8. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS go gcuirtear feabhas ar chumas na mBallstát freagairt do thurraingí trí mhíchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú agus go dtacaíonn sin le cóineasú eacnamaíoch. CUIREANN SÍ I bhFIOS go gcuidíonn laghdú na míchothromaíochtaí uile le hathléimneacht fhoriomlán an Aontais agus go bhféadfadh iarmhairtí dearfacha a bheith ann ar fud an limistéir euro agus an Aontais.